Comhairle an
Aontais Eorpaigh

PUBLIC

**An Bhruiséil, 26 Feabhra 2022**
**(OR. fr)**

**6654/22**

**LIMITE**

**MIGR 63**
**JAI 258**
**FRONT 78**
**ASILE 22**
**VISA 38**
**HYBRID 19**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | An Uachtaránacht |
| chuig: | An Chomhairle |
| Ábhar: | Freagairt na hEorpa ar an staid san Úcráin; gníomhaíochtaí atá le déanamh |

Ag teacht le chéile di an 24 Feabhra, cháin an Chomhairle Eorpach go láidir an fogha míleata gan chúis gan údar a thug Cónaidhm na Rúise faoin Úcráin. Tháinig an Chomhairle ar chomhaontú maidir le bearta sriantacha breise, a glacadh go foirmiúil ó shin, a mbeidh iarmhairtí ollmhóra tromchúiseacha i gceist leo maidir leis an Rúis de bharr an ghnímh atá déanta aici, agus d'iarr sí go ndéanfaí sraith nua smachtbhannaí aonair agus eacnamaíocha a chumhdóidh an Bhealarúis freisin a ullmhú agus a ghlacadh ar bhonn práinne.

Ina theannta sin, chuir an tAontas Eorpach in iúl go seasann sé i ndlúthpháirtíocht leis an Úcráin agus le muintir na hÚcráine, agus leanfaidh an tAontas de thacaíocht pholaitiúil, airgeadais, dhaonnúil agus lóistíochta a thabhairt di.

Ar deireadh, fágann an fogha seo a tugadh faoi thír chomharsanachta de chuid an Aontais Eorpaigh go bhfuil líon suntasach daoine ag teacht isteach i roinnt mhaith Ballstát, agus tá baint ag an bhfogha seo leis an Aontas ina iomláine. Ní mór tacaíocht a thabhairt do na Ballstáit a iarrann í, cibé acu an glacadh le daoine atá ar a dteitheadh atá i gceist nó bainistiú teorainneacha.

Faoi na gnéithe éagsúla sin, ní mór d'fhreagairt chomhpháirteach an Aontais Eorpaigh a bheith uileghabhálach, cuimsitheach agus comhordaithe.

Iarrtar ar na hairí a dtuairimí a chur in iúl maidir leis na moltaí seo a leanas.

**Tacaíocht Dhaonnúil**

D'iarr an Úcráin cúnamh faoin Sásra Aontais um Chosaint Shibhialta an 15 Feabhra. Sa chomhthéacs sin, is é atá i gceist sa chabhair thosaithe a mhol 17 mBallstát, trealamh sláinteachais agus leighis, chomh maith le hacmhainn lóistín (pubaill, pluideanna, etc.). Iarrtar ar na Ballstáit uile an fhreagairt is fearr is éifeachtaí is féidir a thabhairt ar na hiarrataí ar chúnamh ó údaráis na hÚcráine. Tá an cúnamh sin á chomhordú ar leibhéal an Aontais ag an Lárionad Comhordúcháin Práinnfhreagartha (ERCC), chun a áirithiú go gcomhlíonfar iarrataí uile na hÚcráine a luaithe agus is féidir.

I bhfianaise na staide mar atá ar an talamh, d'fhéadfadh sé go mbeadh deacrachtaí ann an trealamh seo a iompar chun na hÚcráine. Má mheasann na Ballstáit gur gá sin, d'fhéadfaí tacaíocht lóistíochta a chur ar fáil.

D'iarr an Mholdóiv freisin cúnamh maidir le lóistín faoin Sásra Aontais um Chosaint Shibhialta. Cuirtear fáilte freisin roimh rannchuidiú ó na Ballstáit.

**Gníomhaíochtaí maidir le glacadh agus dlúthpháirtíocht**

De bharr an chogaidh san Úcráin, tá daoine ag teacht chun an Aontais Eorpaigh ag lorg dídine. Is den tábhacht dlúthfhaireachán a dhéanamh ar na gluaiseachtaí daonra sin. I ndáil leis sin, gníomhachtaíodh Sásra Aontais um Ullmhacht Imirce agus Bainistiú Géarchéimeanna, arna chomhordú ag an gCoimisiún.

Foráladh maidir le hacmhainneachtaí glactha i roinnt Ballstát, go háirithe iad siúd atá ar theorainn na hÚcráine. Féadfaidh an tAontas Eorpach tacaíocht chomhordaithe a chur ar fáil dóibh siúd a iarrann í.

D'fhéadfadh an Sásra Aontais um Chosaint Shibhialta cuidiú le comhordú rannchuidiú na mBallstát.

D'fhéadfadh Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann tacaíocht a chur ar fáil de réir mar is iomchuí.

Ina theannta sin, moladh gur cheart féachaint le córas cosanta sealadach iomchuí a bhunú. Iarrtar ar na hairí a dtuairimí a chur in iúl maidir lena oiriúnaí atá sásra den chineál sin chun glacadh leis na himircigh sin i ndálaí maithe.

**Bainistiú na dteorainneacha seachtracha agus saincheisteanna slándála**

I gcás ina méadófaí ar líon na ndaoine a bheadh ag teacht, d'fhéadfaí tacaíocht a thairiscint do thíortha teorann chun seiceálacha teorann a dhéanamh agus taifeadtaí a chur ar fáil.

Sa chás sin, d'fhéadfaí ionstraimí Eorpacha a shlógadh chun rannchuidiú leis sin, lena n-áirítear tacaíocht ó Frontex agus Europol. D'fhéadfaí riachtanais tacaíochta na mBallstát a chomhordú ar an leibhéal Eorpach.

PUBLIC

**Bearta maidir le víosaí**

I gcomhréir leis na Conclúidí ón gComhairle Eorpach an 24 Feabhra, ghlac an Chomhairle cinneadh ón 25 Feabhra ina ndearbhaítear an comhaontú leis an Rúis i ndáil le heisiúint víosaí a éascú, a bhí i bhfeidhm ó 2007, a chur ar fionraí i bpáirt.

Mar chuid de chur chun feidhme an chinnidh sin, iarrtar ar na hairí a mbearta náisiúnta agus a mbeartas víosaí i leith na Rúise i gcoitinne a chomhordú.

**Réamhaíocht ar bhagairtí hibrideacha**

Is léir ón taithí a fuarthas le déanaí go bhfuil gníomhaithe atá naimhdeach don Aontas Eorpach faoi réir le húsáid a bhaint as modhanna nua brú (leas a bhaint as sreafaí imirce mar uirlis, cibearbhagairtí, bréagaisnéis, etc.). Ní mór don Aontas Eorpach agus do na Ballstáit leanúint de bheith ag neartú a gcumas bagairtí den chineál sin a thuar agus freagairt orthu.

I gcomhthéacs na staide san Úcráin, iarrann an Uachtaránacht ar na Ballstáit agus ar an gCoimisiún Eorpach tuairisciú maidir leis na bearta ullmhúcháin a glacadh, ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal Eorpach, agus na riachtanais a d'fhéadfadh a bheith acu a léiriú.

***

Ar deireadh, chun faireachán a dhéanamh ar an staid, chun bearta dlúthpháirtíochta a chomhordú agus chun go mbeidh na gníomhaithe ábhartha uile rannpháirteach, moltar socruithe comhtháite an Aontais maidir le freagairt pholaitiúil ar ghéarchéimeanna (IPCR) a ghníomhachtú. Dá bhrí sin, beidh IPCR in ann an t-ardán dlúthpháirtíochta a chur ar bun ag na teorainneacha seachtracha, a mbeidh sé mar aidhm leis a áirithiú go mbainfear leas as na hacmhainní agus as na hionstraimí uile atá ar fáil ón Aontas Eorpach agus ó na Ballstáit.